


## Tá Léann Muintir na hÉireann ar ais i gcomhair Mí Feabhra 2023!

Chuaigh leabharlanna na hÉireann, Leabhair Pháistí Éireann, NALA, díoltóirí leabhar agus dreamanna eile i gcomhpháirtíocht arís chun an tír ar fad a chur ag léamh an mhí seo roimh Lá Léann Muintir na hÉireann ar Dé Sathairn an 25 Feabhra.

Táimid ag iarraidh ar gach duine gealltanas a ghlacadh chun 'píosa léitheoireachta a dhéanamh' le linn Mí Feabhra nó ar Lá Léann Muintir na hÉireann é féin, an 25 Feabhra – cé acu leabhar, nuachtán, greannán a léamh – pé saothar a oibríonn duit féin!

Ba bhreá linn dá mbeadh scoileanna, múinteoirí agus scoláirí páirteach ann agus gealltanas a thabhairt don léitheoireacht agus an scéal a scaipeadh!

### Is é seo an chaoi gur féidir leat a bheith páirteach ann

**Tabhair cuairt ar www.irelandreads.ie, áit ar féidir leat nó le do rang:**

- Inis dúinn cá mhéad a bheidh tú ag léamh ar Lá Léann Muintir na hÉireann (má tá tú ag déanamh gealltanais do rang, seol ríomhphost chuig school.irelandreads@lgma.ie).
- Faigh inspioráid éigin léitheoireachta – níl le déanamh agat ach an cineál leabhair is fearr leat a chur isteach, cé mhéad ama is a bhíonn agat le léamh gach lá agus molfaidh an suíomh gréasáin leabhar agus inseoidh sé duit cá fhad a ghlacfaidh sé chun é a léamh.

**Tabhair cuairt ar do leabharlann ar Lá Léann Muintir na hÉireann**

Beidh leabharlanna, siopaí leabhar agus comhpháirtithe ag reáchtáil imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar fud fad na tíre chun tacú le Léann Muintir na hÉireann.

Tá go leor beartaithe ag leabharlanna do gach aoisghrúpa le linn mhí Feabhra agus ar an Satharn, an 25 Feabhra le haghaidh Lá Léann Muintir na hÉireann.

Seiceáil do leabharlann áitiúil le haghaidh sonraí faoin méid a bheidh ar siúl gar chuig do cheantar féin!

**Faigh d'ábhar léitheoireachta le haghaidh Léann Muintir na hÉireann!**

Is féidir le baill leabharlainne iasachtaí a fháil ar 12 mhilliún mír nó iad a íoslódáil ó na mílte ríomhleabhar, closleabhar, irisí agus nuachtáin ar líne. Níl le déanamh ach cuairt a thabhairt ar www.librariesireland.ie chun ballraíocht a bhaint amach.

Is féidir leat brabhsáil agus iasacht a fháil i do leabharlann áitiúil nó brabhsáil agus saothar a chur in áirithe ar líne. Tá na mílte ríomhleabhar, closleabhar agus nuachtán agus iris ar líne againn freisin le híoslódáil díreach chuig do ghléas.

Cuimhnigh ar do shiopa leabhar áitiúil a thacú chomh maith le do thoil.

Go raibh maith agat as cabhrú linn Muintir na hÉireann a spreagadh chun léamh!